Uimh. an Lámhleabhair: **577014-416** ● Leagan: **A**

EMR4

Faisnéis Sábháilteachta

EMR4
CRITICAL SAFETY INFORMATION

VEEDER-ROOT

IRISH

Fógra

AISTRIÚCHÁN ATÁ SA LÁMHLEABHAR SEO - TÁ AN LÁMHLEABHAR BUNAIDH I MBÉARLA.

Ní thugtar aon sórt baránta ag Veeder-Root maidir leis an bhfoilseachán seo, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do na barántaí atá intuigthe maidir le hindíoltacht agus le hoiriúnacht do chuspóir áirithe.

Ní bheidh Veeder-Root freagrach as aon earráidí atá san fhoilseachán ná as aon damáistí teagmhasacha nó iarmhartacha a bhaineann leis an bhfoilseachán a chur ar fáil, a chur i bhfeidhm nó a úsáid.

Coimeádann Veeder-Root an ceart acu féin roghanna nó gnéithe córais, nó an fhaisnéis atá san fhoilseachán seo, a athrú.

Tá eolas dílsithe san fhoilseachán seo atá cosanta ag cóipcheart. Gach ceart ar cosaint. Ní mór cead scríofa a fháil roimh ré ó Veeder-Root chun aon chuid den fhoilseachán seo a athrú nó a aistriú i dteanga eile.

Le haghaidh **Tacaíocht Theicniúil**, féach ar ár suíomh gréasáin thíos chun an áit seirbhíse is gaire duit a fháil amach.

http://www.gilbarco.com/eu

©Veeder-Root 2018. Gach ceart ar cosaint.

Réamhrá

1. Tá córais EMR4 atá formheasta ag ATEX marcáilte leis an bhfaisnéis a leanas a shainmhíníonn na teorainneacha dá n-úsáid shábháilte.
   - Ní mór an trealamh seo a shuiteáil de réir an doiciméid suiteála is infheidhme. Le haghaidh suiteálacha UL/cUL, bain úsáid as Líníocht Rialaithe uimhir 331940-021 agus le haghaidh suiteálacha ATEX bain úsáid as Doiciméad Tuairiscithe Córais uimhir 331940-022. Le haghaidh suiteálacha IECEx bain úsáid as Doiciméad Tuairiscithe Córais uimhir 331940-022.
   - Arna sainiú de réir deimhniúchán DEMKO 17 ATEX 1889X nó IECEx UL 17.0054X.
2. Féach ar na nósanna imeachta maidir le hullmhú láithreán sa lámhleabhar seo le haghaidh treoracha ginearálta ar shuiteáil, úsáid agus athchur sábháilte.
3. Níl calabrú tréimhsiúil ag teastáil ón gcóras EMR4. Lean na nósanna imeachta calabraithe a imlínítear sa lámhleabhar Veeder-Root EMR4 Setup and Operation (P/N 577014-350).
4. **Níl an córas EMR4 inseirbhíse. Má theipeann ar an gcóras, ba chóir an t-aonad a athsholáthar de réir cheanglais an lámhleabhair seo.**

Coinníollacha Speisialta le haghaidh Úsáide Sábháilte

- Le haghaidh teochtaí comhthimpeallacha faoi -10°C agus os cionn +60°C, bain úsáid as sreangú réimse a oireann d'uastheocht agus d'íostheocht chomhthimpeallach araon.
- Ní mór gach suiteáil a dhéanamh de réir an Doiciméid Tuairiscithe Córais tionlacain.
- Níl measúnú déanta ar na gléasanna maidir lena n-úsáid thar bhalla teorann.
- Tá alúmanam sa cheann taispeána, ciancheann taispeána, thermoprobe, ionchódóir bíge, lasc cúinne agus san eochaircheap roghnach. Bí cúramach chun guaiseacha adhainte de bharr imbhuailte nó frithchuimilte a sheachaint.

Léargas Ginearálta ar an Treoir ATEX

GAIREAS GAOLMHAR

Déantar Bosca Idirnaisc (BI) EMR4 Veeder-Root a shuiteáil i limistéar neamhghuaiseach faoi dhíon. Tá bacainní ag an BI a chosnaíonn an gaireas nasctha trí mhód cosanta **[Exia]** atá sábháilte ann féin. Tá an BI oiriúnach chun gairis a rialú a shuiteáiltear i limistéir ar dhócha go n-éireoidh siad guaiseach agus tiúchan gás, gal nó ceochán ann a chruthaítear ag substaintí contúirteacha ghrúpa **IIA**. Is éard is brí leis na comharthaí ar an ainmphláta:

Ex	Gléas atá oiriúnach chun é a suiteáil i limistéir inphléasctha
II	Grúpa II: le haghaidh suiteálacha i limistéir seachas mianaigh agus an trealamh gaolmhar dromchla
(I)	Catagóir 1: oiriúnach chun fearais a rialú a shuiteáiltear i limistéir ghuaiseacha Creasa 0, Creasa 1 nó Creasa 2
G	Le haghaidh limistéar a d'fhéadfadh a bheith guaiseach a bhfuil gáis, gala nó ceocháin iontu

Cloíonn gach leagan ATEX de na **BI EMR4** leis an Treoir **2014/34/AE (ATEX)**.

Tá measúnú agus tástáil déanta ar BI EMR4 samplach ag **UL International Demko A/S**, Borupvang 5A, 2750 Ballerup, an Danmhairg Teil.+45 44 85 65 65, *info.dk@ul.com*, *www.ul.com* agus formheasta ag eisiúint de dheimhniú CE ar chineálcheadú:

DEMKO 17 ATEX 1889X nó **IECEx UL 17.0054X**

Bosca Idirnaisc EMR4

GAIREAS ATÁ SÁBHÁILTE ANN FÉIN

FÓGRA **TÁ AN GAIREAS SEO SÁBHÁILTE ANN FÉIN MÁ SHUITEÁILTEAR É DE RÉIR THREORACHA AN DÉANTÓRA, MAR A LEAGTAR SÍOS SA LÁMHLEABHAR IAD.**

Gaireas atá sábháilte ann féin is ea an Ceann Taispeána (CT) EMR4 de chuid Veeder-Root, atá marcáilte **Ex ia**. Tá an gaireas seo oiriúnach chun é a shuiteáil i limistéir ar dhócha go n-éireoidh siad guaiseach agus tiúchan gás, gal nó ceochán ann a chruthaítear ag substaintí contúirteacha ghrúpa **IIA**. Is í aicme theochta na ngléasanna ná **T4** (teochtaí dromchla níos ísle ná 135°C). Is éard is brí leis na comharthaí ar an ainmphláta:

Ex	Gléas atá oiriúnach chun é a suiteáil i limistéir inphléasctha
II	Grúpa II: le haghaidh suiteálacha i limistéir seachas mianaigh agus an trealamh gaolmhar dromchla
I	Catagóir 1: oiriúnach chun fearais a rialú a shuiteáiltear i limistéir ghuaiseacha Creasa 0, Creasa 1 nó Creasa 2
G	Le haghaidh limistéar a d'fhéadfadh a bheith guaiseach a bhfuil gáis, gala nó ceocháin iontu

Cloíonn gach leagan ATEX de **CT EMR4** leis an Treoir **2014/34/AE (ATEX)**.

Tá measúnú agus tástáil déanta ar CT EMR4 samplach ag **UL International Demko A/S**, Borupvang 5A, 2750 Ballerup, an Danmhairg Teil.+45 44 85 65 65, *info.dk@ul.com*, *www.ul.com* agus formheasta ag eisiúint de dheimhniú CE ar chineálcheadú:

DEMKO 17 ATEX 1889X nó **IECEx UL 17.0054X**

Ceann Taispeána EMR4

Cian-Bhíogóir + Ionchódóir EMR4

*Léiríonn an comhartha **X**, a úsáidtear mar iarmhír sna deimhnithe CE uile ar chineálthástáil atá liostaithe thuas, gur gá aird a thabhairt ar choinníollacha speisialta maidir le húsáid shlán.* Soláthraítear eolas breise i ngach deimhniú CE ar chineál faoi seach faoin mír, **COINNÍOLLACHA SPEISIALTA LE HAGHAIDH ÚSÁIDE SÁBHÁILTE**.

CE 1180	Cloíonn na comharthaí trealaimh le riachtanais na Treorach CE maidir le Comharthaí.

Rinneadh athbhreithniú ar Chóras Cáilíochta an mhonaróra ag *SGS Baseefa Staden Lane, Buxton, Derbyshire, SK17 9RZ, an Ríocht Aontaithe*, an comhlacht a dtugtar fógra dó, a ghlac le húsáid an ID **1180** i gcomhpháirt leis an gcomhartha CE. Tugtar fógra don mhonaróir trí SGS Baseefa QAN Uimh. BASEEFA ATEX 1968. Is féidir leis an gcomhartha CE a léiriú go gcloítear le treoracha ábhartha CE eile. Féach ar Dheimhnithe Comhréireachta CE an mhonaróra chun na mionsonraí a fháil.

De bhreis ar ghairis dheimhnithe atá sábháilte iontu féin, soláthraíonn Veeder-Root freisin gairis shimplí a chloíonn le riachtanais EN 60079-11, Clásal 5.7. Áirítear ar na gléasanna seo; Thermoprobe, Lasc Stop Éigeandáil, Lasc Cúinne agus an tEochaircheap Roghnach. D'fhéadfaí go bhfuil comhpháirteanna sna fíoracha a léiríonn na gléasanna sin atá lasmuigh de raon an Deimhnithe Córais seo de chuid ATEX.

Sonraíochtaí an Chórais EMR4

SUÍOMH COMHBHAILL

Ba chóir an córas EMR4 a lonnú ar fheithicil seachadta breosla nó in iosta breosla. Féach ar na codanna faoi shuiteáil trucaile nó faoi shuiteáil iosta breosla sa Treoirleabhar um Chur i bhFeidhm EMR4 (577014-339) ag http://docs.veeder.com/gold/gold_public_access.cfm?section_id=210

Ceapadh an trealamh chun feidhmiú go sábháilte faoin raon coinníollacha seo a leanas:

- Airde suas le 2000m.
- Raon teochta - féach Tábla 1.

- Uasbhogthaise choibhneasta de 95% RH (neamhchomhdhlúthach) ag na teochtaí a thaispeántar in Tábla 1.
- Iomlaoid voltais soláthair nach mó ná 28 Vdc.
- Céim Truaillithe de Chatagóir 2, Catagóir Suiteála II.
- Creathadh: MIL-STD-810G, Modh 514.6; Tábla 514.6 C-VI Catagóir 4
- Turraing: MIL-STD-810G, Modh 516.6; 20G, 11ms, 1/2-Sín

FÓGRA **Níl aonaid BI EMR4 oiriúnach do shuíomhanna lasmuigh agus ní mór iad a shuiteáil laistigh d'fhoirgnimh nó i gcábán na feithicle seachadta breosla.**

Cinntigh go bhfuil an BI EMR4 suite in áit nach ndéanfaidh doirse, troscán, baraí, srl. damáiste dó nó don chablú gaolmhar - suiteálacha iosta nó trealamh in aice láimhe - suiteálacha feithicle.

Smaoinigh ar cé chomh héasca is atá sé an sreangú, an duchtáil agus na cáblaí a sheoladh chuig an BI EMR4.

Cinntigh go bhfuil ábhar an dromchla fheistithe láidir go leor chun tacú leis an BI EMR4.

FÓGRA **Más gá EMR4 IB a ghlanadh, ná húsáid aon ábhar leachtach (m.sh. tuaslagóirí glantacháin). Moltar go ndéanfaí an t-aonad a chuimilt le ceirt ghlan thirim nuair is gá.**

Taispeántar na toisí foriomlána agus an meáchan atá ar na comhbhaill éagsúla chórais in Tábla 1 agus Tábla 2:

Tábla 1. Faisnéis Comhbhaill Chórais

Córas	Raon Teochta Oibriúcháin	Airde	Leithead	Doimhneacht	Meáchan	Doiciméad Tuairiscithe Córais
BI EMR4	-25°≤ Ta ≤ 40°C	254mm (10 n-orlach)	215.9mm (8.5 orlach)	80.9mm (3.185 orlach)	7.6 punt (3430 g)	331940-022
Ceann Taispeána EMR4	-40°≤ Ta ≤ 60°C	129.6mm (5.1 orlach)	241.3mm (9.5 orlach) - gan eochaircheap roghnach 330.2mm (13 orlach) - le heochaircheap roghnach	215.9mm (8.5 orlach)	11 punt (4990 g)	
Eochaircheap Roghnach	-40°≤ Ta ≤ 60°C	117mm (4.6 orlach)	92mm (3.6 orlach)	59mm (2.3 orlach)	1 punt (454 g)	

Cinntigh go bhfuil anBI EMR4 i limistéar inrochtana, fiú nuair atá doirse an aonaid oscailte. Cinntigh go bhfuil an limistéar roghnaithe ar eolas ag na fochonraitheoirí ábhartha uile agus ag pearsanra eile.

Tábla 2. Faisnéis Cian-Bhíogóra

Raon Teochta Oibriúcháin	Fad Fearsaide	Trastomhas Fearsaide	Trastomhas Feirthe	Doimhneacht Feirthe	Meáchan	Doiciméad Tuairiscithe Córais
-25°≤ Ta ≤ 70°C -13°≤ Ta ≤ 158°F	11.5mm (0.45 orlach)	6.4mm (0.250 orlach)	101.6mm (4 orlach)	62mm (2.44 orlach)	1.4 punt (652 g)	331940-022

VEEDER-ROOT

Le haghaidh tacaíocht theicniúil, díolacháin nó cúnamh eile, tabhair cuairt ar www.veeder.com